



**LAW REFORM**  
COMMISSION/COIMISIÚN UM  
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

# TUARASCÁIL

# AN CHÚIGIÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

[LRC 120 – 2019]

[LRC 120 – 2019]



## **Tuarascáil**

### **An Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí**

(LRC 120 - 2019)

© An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 2019

Teach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2

D02 DY27 T. + 353 1 637 7600

F. + 353 1 637 7601

R: [info@lawreform.ie](mailto:info@lawreform.ie)

<http://www.lawreform.ie>

Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN) 1393-3132

## Maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí

Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*. Is é an bunchúram atá ag an gCoimisiún ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus moltaí a thabhairt maidir leis an athchóiriú, go háirithe tríd an achtachán den reachtaíocht chun an dlí a shoiléiriú agus a dhéanamh nua-aimseartha. Ón am ar bunaíodh é, tá 200 cáipéis foilsithe ag an gCoimisiún (Páipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin, Páipéir Saincheisteanna agus Tuairiscí) a bhfuil moltaí d'athchóiriú dlí iontu agus tá siad seo uile ar fáil ar [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie). Tá formhór na moltaí seo tar éis cur go mór le forbairt agus le hachtachán athchóirithe reachtaíochta.

Cuirtear ról an Choimisiúin i gcrích trí Chlár Athchóirithe Dlí go príomha. D'ullmhaigh an Coimisiún *An Cúigiú Clár Athchóirithe Dlí* seo tar éis comhairliúchán agus plé leathan a bheith déanta ina leith. Ar aon dul le hAcht 1975, rinne an Rialtas é a fhaomhadh i mí an Mhárta 2019 agus cuireadh é faoi bhráid dhá theach an Oireachtais. Oibríonn an Coimisiún ar ábhair shonracha chomh maith ar bhonn atreoraithe ón Ard Aighne faoi Acht 1975.

Leis an obair atá déanta ag an gCoimisiún maidir leis an rochtain ar reachtaíocht, fágfar go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar an reachtaíocht (de réir mar ar leasaíodh é) don phobal faoi láthair na huaire, agus tá sé ar fáil i dtrí phríomh-áis: an Eolaire Reachtaíochta, an Liosta Rangaithe agus na hAchtanna Leasaithe. Is éard atá san Eolaire Reachtaíochta ná innéacsanna ar leasuithe leis an reachtaíocht phríomha agus an reachtaíocht thánaisteach a bhfuiltear in ann cuardach leictreonach a dhéanamh air, agus faisnéis thábhachtach gaolmhar. Liosta ar leith de na hAchtanna uile de chuid an Oireachtais atá fós i bhfeidhm is é an Liosta Rangaithe ina n-eagraítear iad de réir 36 cheannteideal mór-ábhar.

Déantar na leasuithe agus na hathruithe uile atá curtha le hAcht le chéile in aon téacs amháin leis na hAchtanna Leasaithe. Cuireann an Coimisiún rochtain ar líne ar Achtanna Leasaithe áirithe arna leasú iad roimh 2005 agus tá Achtanna Leasaithe ar fáil le haghaidh gach aon Acht ar achtú é ó 2005 ar aghaidh (seachas Achtanna Airgeadais agus Achtanna Leasa Shóisialaigh) a rinneadh iad a leasú ó thaobh téacs de.

## Comhaltaí an Choimisiúin

**Uachtarán:**

An Breitheamh Onórach Mary Laffoy, iar-bhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí

---

**Coimisinéir (Iánaimseartha):**

Raymond Byrne, Abhcóide

---

**Coimisinéir:**

Donncha O’Connell, Ollamh le Dlí

---

**Coimisinéir:**

An Breitheamh Onórach Carmel Stewart, breitheamh de chuid na hArd-Chúirte

---

**Coimisinéir:**

Thomas O’Malley, Abhcóide

---

## Foireann an Choimisiúin

### Taighde ar an Athchóiriú Dlí

---

**Stiúrthóir Taighde:**

An tOllamh Ciarán Burke, BCL (Fraincis) (UCD, Toulouse), LLM (VU Amstardam), LLM, PhD (EUI Flórans)

---

**Leas-Stiúrthóir Taighde:**

Robert Noonan, LLB (Dubl), BCL (Oxon), PhD (Dubl)

---

### Rochtain ar Reachtaíocht

---

**Bainisteoir:**

Alma Clissmann, BA (Mod), LLB, Dip Eur Law (Bruges), Aturnae

---

**Leasbhainisteoirí:**

Kate Doran, BCL, LLM (NUI), PhD (UL), Abhcóide Fiona Carroll,  
BA (Mod), LLB, Aturnae

---

### Riarachán

---

**Ceann an Riaracháin:**

Bríd Rogers

---

**Oifigeach Feidhmiúcháin:**

Ger Mooney

---

**Oifigh Chléireachais:**

Roslyn Dalton

Gavin Walsh

---

**Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise:**

Órla Gillen, BA, MLIS

## **Taighdeoirí DLí**

---

Leanne Caulfield, BCL, LLM (NUI)

Éire Dempsey, BCL (NUI)

Liam Dempsey, BCL (UCD), LLM (QUB) James

Egleston, LLB, MA (NUI)

Sandra Eaton, Dip (BIHE), BA (NUI), PDip (Óstáí an Rí), Abhcóide Ivan

Gramatikov, BA (IT Ceatharlach), LLM (UCD), Abhcóide Morgane Hervé,

BCL (NUI), Maîtrise (Paris II), LLM (KCL)

Niamh Ní Leathlobhair, BCL (NUI)

Suzanne Scott, LLB (Ling Germ) (Dubl), LLM (NUI)

---

### **Taighdeoir DLí Príomhúil don Tuarascáil seo:**

Finn Keyes, LLB (Dubl), LLM (UCL)

---

## RÉAMHRÁ ÓN UACHTARÁN

1. Agus mé ag láithriú an Tuarascáil seo ar an *gCúigiú Clár Athchóirithe Dlí*, ní mór dom glacadh leis, i dtosach báire, nach bhfuilim tar éis aon ionchur a chur lena forbairt. Is le mo réamhtheachtaí, ina cháilíocht mar Uachtarán ar an gCoimisiún, an tOnórach an Breitheamh John Quirke, agus le mo chomh-Choimisinéirí gur cheart an t-aitheantas a bheith tugtha as. Caithfidh mé admháil chomh maith go molaim go mór an próiseas agus an obair taobh thiar den *Chúigiú Chlár*.
2. Amhlaidh mar a tharla sna Cláir de chuid an Choimisiúin a tháinig roimhe sin, is ionann ábhar an Chúigiú Chláir agus toradh phróisis chomhairliúcháin mhór-fhairsing a ndearnadh, mar atá leagtha amach i gCuid 2, thar thréimhse de thimpeall ar cúig mhí déag idir mí an Mheithimh 2017 agus mí Lúnasa 2018. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas ó chroí a chur in iúl dóibhsean uile a chuidigh leis an gcoimisiún chun an dréacht *Chúigiú Clár* a chur le chéile i mí Lúnasa 2018, agus go háirithe do:
  - gach aon duine a d'éascaigh leis na cruinnithe comhairliúcháin, agus a ghlac páirt iontu, a tionóladh i ngach cearn den tír, in Ollscoil Luimnigh, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, agus sa Coláiste Ollscoile, Corcaigh;
  - na cainteoirí go léir a thug caint ag Comhdháil Bhliantúil 2017 an Choimisiúin, ar tionóladh í i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus dóibhsean uile a ghlac páirt sa díospóireacht ar fhorbairt an Chúigiú Clár ag an gComhdháil sin.
  - chomhaltaí Choiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne um Athchóiriú an Dlí, mar ionadaithe thar ceann na Ranna Rialtais uile, Dhlí-Chumann na hÉireann, Chomhairle Bharra na hÉireann agus an Choimisiúin; agus
  - na daoine aonaracha agus na comhaltaí ónar fuair an Coimisiún aighneachtaí scríofa, agus dóibhsean a d'fhreastail ar cruinnithe leis an gCoimisiún chomh maith.
3. Ní fhéadfaí barraíocht béime a chur ar thábhacht na comhairliúchán poiblí maidir leis an ionchur agus maidir leis an fhorbairt de Chlár um Athchóiriú an Dlí don Choimisiún, ná ar an rannchuidiú sárluachmhar a thugann daoine den phobal, eagraíochtaí príobháideacha, agus eagraíochtaí poiblí dúinn chun dá leithéid d'ábhar agus d'fhorbairt.
4. Cuireadh an *Cúigiú Clár* faoi bhráid an Ard-Aighne i mí Lúnasa 2018 de bharr an próiseas comhairliúcháin a rinneadh. Mar ata leagtha amach i gCuid 2, rinneadh an Rialtas an dréacht a fhaomhadh gan leasúchán an 20 Márta 2019 dar éis dó a bheith faofa ag Comhchoiste Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Oireachtais. Thar ceann an Choimisiúin, ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Ard-Aighne, Séamus Woulfe SC, agus lena gcuid oifigeach as an gcúnamh a thug siad dúinn chun an *Cúigiú Clár* a ullmhú, agus le Cathaoirleach agus comhaltaí an Choiste Oireachtas, chomh maith leis an Rialtas, as an *Cúigiú Clár* a thabhairt chun críche.



5. Mar is ionann mar atá an cás sna Cláir um Athchóiriú an Dlí a tháinig roimhe, cuimsítear leis na cúig thionscadal déag atá sa *Chúigiú Clár* raon fairsing de réimsí príomhthábhachtacht sa dlí, lena n-áirítear:
- Na Cúirteanna, an Dlí Poiblí agus an Ré Dhigiteach;
  - An Dlí Coiriúil agus an Nós Imeachta Coiriúil;
  - An Dliteanas Sibhialta agus an Nós Imeachta Sibhialta;
  - Fianaise;
  - An Dlí Teaghlaigh; agus
  - An Dlí Talún.
6. Chomh maith leis sin tá éagsúlacht nach beag í ag baint le raon agus le béim na tionscadail sna réimsí sin. I gcás an nasctha seo, measaim go bhfuil sé oiriúnach aird a tharraingt ar na critéir a úsáideadh chun na tionscadail a roghnú le haghaidh an Chúigiú Chláir, mar atá leagtha amach i gCuid 2. Táimse den tuairim gur chun leas an phobail atá sé go gcuirfear na critéir sin i bhfeidhm agus samhlaím go leanfar ar aghaidh leis go gcuirfear i bhfeidhm iad sa todhchaí.
7. Gné eile den phróiseas a mheasaim é a bheith de thairbhe ar leith go bhfuil achoimriú curtha le gach aon tionscadal, mar atá leagtha amach i gCuid 1. I ngach aon achoimre déantar scóip den thionscadal atá faoi chaibidil ann a shainmhíniú agus bíonn siad mar bhonn obair an Choimisiúin sa tionscadal atá i gceist, lena n-áirítear foilseachán Pháipéir Shaincheisteanna. Cé go bhfuilimse den tuairim go bhfuil gach aon cheann de na hachoirí an-tábhachtach toisc go raibh baint agam in ullmhúchán agus i bhforbairt an *Chúigiú Clár*, níl aon amhras ach go bhfuil sé riachtanach gach aon achoimre a bheith ann chun soiléireacht a thabhairt maidir le nádúr agus réim obair an Choimisiúin i ndáil leis an tionscadal.
8. Ag tráth scríofa na Tuarascáil seo, mí Bealtaine 2019, tá an Coimisiún fós ag obair ar chúig cinn de na tionscadail de chuid an *Cheathrú Clár*, chomh maith le tionscadail gur ábhair iad faoi réir iarraidh a rinne an tArd-Aighe, agus tá an Coimisiún tar éis a bheith dírithe ar na tionscadail sin a thabhairt chun críche. Chomh maith leis sin tá an Coimisiún tar éis tús a chur lena chuid obair don *Chúigiú Clár* agus táthar ag súil go bhfoilseoidh sé Páipéir Bhuncheisteanna agus Tuarascálacha i ndáil le formhór na dtionscadal sin, nó i ndáil leo go léir, le linn an tréimhse trí bliana atá amach romhainn, tréimhse ina leanfar ar aghaidh leis na próisis chomhoibriúcháin agus comhairliúcháin.

### **An tOnórach An Breitheamh**

**Mary Laffoy Uachtarán**



# Clár Ábhair

## CUID 1

<b>An Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí</b>	<b>1</b>
1. Athchóiriú ar Comhlachtaí Breithneoireachta Neamh-Chúirte agus ar Achomhairc chun Cúirteanna	3
2. Creat Rialála um an Slánchumhdach Aosach	4
3. An Príobháideachas agus an Teicneolaíocht sa Ré Dhigiteach	5
4. Pianbhreitheanna Struchtúrtha	6
5. Athbhreithniú agus Comhdhlúthú a dhéanamh ar an Dlí um Chionta Gnéasacha	7
6. Mionn Éithigh	8
7. Cúiteamh a Dhéanamh as Íospartaigh na Coireachta	9
8. Rialáil an Choinneála faoi Choimeád an Gharda Síochána	10
9. Teorannacha le Damáistí sa Dlíthíocht um Díobhálacha Pearsanta	11
10. Orduithe Coiscrithe um Chostais	12
11. Dliteanas Óstán agus Teaghlachas Gaolmhara	13
12. Dliteanas Cumann Neamhchorpraithe	14
13. Gnéithe de Dhlí na Fianaise	15
14. Gnéithe den Dlí Teaghlaigh	16
15. Gnéithe den Dlí Talún agus Tíolactha	17

## CUID 2

<b>An Cúlra le Forbairt an Chúigiú Chlár</b>	<b>19</b>
Feidhmeanna an Choimisiúin	19
Clár um Athchóiriú an Dlí	20
Ábhar Tionscadail a nDeántar Scrúdú Orthu le linn Shaolré an Cheathrú Clár	20
Forbairt an Chúigiú Chlár	21

## AGUISÍN

<b>Liosta d'Aighneachtaí Scríofa</b>	<b>27</b>
--------------------------------------	-----------



## CUID 1

# AN CÚIGIÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Ar an 20 Márta 2019 rinne an Rialtas *an Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí* a fhaomhadh ar aon dul le halt 5(1) den *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*. Is iad mar seo a leanas na 15 thionscadal atá sa *Chúigiú Clár*, chomh maith leis na réimsí dlí lena mbaineann siad:

### A. Na Cúirteanna, an Dlí Poiblí agus an Ré Dhigiteach

- (1) Athchóiriú ar Comhlachtaí Breithneoireachta Neamh-Chúirte agus ar Achomhairc chun Cúirteanna
- (2) Creat Rialála um an Slánchumhdach Aosach
- (3) An Príobháideachas agus an Teicneolaíocht sa Ré Dhigiteach

### B. An Dlí Coiriúil agus an Nós Imeachta Coiriúil

- (4) Pianbhreitheanna Struchtúrtha
- (5) Athbhreithniú agus Comhdhlúthú a dhéanamh ar an Dlí um Chionta Gnéasacha
- (6) Mionn éithigh
- (7) Cúiteamh a Dhéanamh as Íospartaigh na Coireachta.
- (8) Rialáil an Choinneála faoi Choimeád an Gharda Síochána.

### C. An Dlíteanas Sibhialta agus an Nós Imeachta Sibhialta

- (9) Teorannacha le Damáistí sa Dlíthíocht um Díobhálacha Pearsanta
- (10) Orduithe Coiscrithe um Chostais
- (11) Dlíteanas Óstán agus Teaghlachas Gaolmhara
- (12) Dlíteanas Cumann Neamhchorpraithe

### D. Fianaise

- (13) Gnéithe de Dhlí na Fianaise
  - (a) Fianaise maidir le Drochdhuine
  - (b) An Pribhléid

**E. An Dlí Teaghlaigh**

(14) Gnéithe den Dlí Teaghlaigh

- (a) Soláthar Ceart don Cholscaradh
- (b) Colscarthaí Seachtracha

**F. An Dlí Talún**

(15) Gnéithe den Dlí Talún agus Tíolactha

- (a) An tSeilbh Chodarsna
- (b) Éasúintí Forordaitheacha

Ag seo thíos tá achoimriú leagtha amach ag an gCoimisiún i ndáil le gach aon cheann de na 15 tionscadal atá sa *Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí*. Beidh na hachoirí sin mar bhonn do scóipeáil agus d'fhorbairt gach aon tionscadal, lena n-áirítear, nuair a bhíonn gá leis, ullmhúchán agus foilseachán Páipéar Saincheisteanna chun anailís a dhéanann an Coimisiún ar na réimsí dlí atá faoi chaibidil sna tionscadail a fhaisnéisiú. I gCuid 2 tá an cúlra le forbairt *an Chúigiú Clár* leagtha amach ag an gCoimisiún.

## 1. Athchóiriú ar Comhlachtaí Breithneoireachta Neamh-Chúirte agus ar Achomhairc chun Cúirteanna

- 1.01 Díreach mar is atá an cás sa chuid is mó de na dlínsí eile, tá sraith fhada de chomhlachtaí gar-bhreithiúnacha in Éirinn faoi láthair na huair atá inchumhachtaithe, leis an reachtaíocht go hiondúil, chun ceisteanna agus díospóidí a bhaineann le réimsí áirithe a bhreithniú. Áirítear leo an Bord Pleanála, an Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe agus Oifig Achomhairc an Leasa Shóisialaigh.
- 1.02 Níl aon dul as an raidhse fada de chomhlachtaí breithnithe i stát riaracháin nua-aimseartha, ach nuair a thagann siad le fás le himeacht na mblianta fada ar bhonn chás ar chás, gan aon chur chuige caighdeánach maidir le ceisteanna cur chuige nó maidir lena gaol leis na cúirteanna, lena n-áirítear de réir achomharc nó athbheithnithe.
- 1.03 Tharraing an Coimisiún aird ina thuarascáil ar dhlí na fianaise in 2016 na nósanna imeachta agus rialacha éagsúla na fianaise a bhíonn i bhfeidhm sna comhlachtaí gar-bhreithiúnacha.<sup>1</sup> Tarraingíodh aird i roinnt mhaith aighneachtaí le linn an phróisis chomhairliúcháin don Chúigiú Clár seo ar an ilghnéitheacht iontach de bhealaí atá ann chun achomhairc a dhéanamh ó na comhlachtaí seo, agus ar an mearbhall a gcruthaítear dá bharr. Féadfar scrúdú a dhéanamh chomh maith ar cheisteanna galmhara, dála an caighdeán cruthúnais gur cheart a bheith i bhfeidhm, agus rochtain ar ionadaíocht dlí.
- 1.04 Déanfar scrúdú sa tionscadal seo dá bharr ar an argóint gur cheart an córas a leasú, lena n-áirítear an cur chuige atá ann i dtreo ábhar fianaise agus an argóint go n-éascófar na bhealaí atá ann chun achomhairc a dhéanamh chun na cúirteanna ó chomhlachtaí dá leithéid. Tá sé tugtha faoi deara ag an gCoimisiún go bhfuil leasuithe suntasacha achtaithe sa RA sa *Tribunals, Courts and Enforcement Act 2007*, lena cuireadh formhór na moltaí atá sa fáil i dTuarascáil Leggatt 2001 i bhfeidhm.<sup>2</sup> Le hAcht 2007, déantar aon bhonn amháin le hachomhairc ó chomhlachtaí gar-bhreithiúnacha a thagann faoina réimse leagtha síos, agus déanfar scrúdú sa tionscadal ar an oiread is go bhféadfar a leithéid de shamhail athchóirithe a bheith feidhmiúil sa dlínse seo. Is eol don Choimisiún go bhfuil go bhféadfar go dtarraingeofaí ceisteanna bunreachtúla in Éirinn de réir airteagal 34 agus airteagal 37 mar gheall ar ghnéithe eile de na leasúcháin atá in Acht an RA de 2007, go háirithe comhdhlúthú na gcomhlachtaí ilghnéitheacha mar aon struchtúr binse ag a bhfuil cumhachtaí agus gnáthaimh aonfhoirmeacha. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar na saincheisteanna tábhachtacha seo agus an tionscadal á fhorbairt, agus déanfaidh sé athbheithniúchán chomh maith ar leasúcháin ábhartha atá déanta i ndlínsí eile seachas sa RA amháin.





## 2. Creat Rialála um an Slánchumhdach Aosach

- 1.05 Le linn Díospóireachta Seanaid faoi Bhille de chuid Comhalta Príobháideach, *An Bille um Aosaigh a Chosaint, 2017*, luaigh an tAire Sláinte gur aontaigh an Rialtas go raibh gá ann creat reachtúil iomchuí a bheith ann chun aosaigh leochaileacha agus aosaigh atá i mbaol a chosaint. Rinne an Roinn Sláinte agus roinnt comhlachtaí eile aighneachtaí mionsonraithe inar iarradh ar an gCoimisiún an cheist seo a áireamh leis an gCéad Chlár.
- 1.06 Roimhe seo bhí obair déanta ag an gCoimisiún sa réimse ginearálta seo, lena n-áirítear an tuarascáil ó 2006<sup>3</sup> inar moladh go dtabharfar isteach córas coimirce d’*aosaigh* isteach in ionad an cheann a bhí ann roimhe agus reachtaíocht ar an inniúlacht aosach bunaithe ar thástáil chumais ar an inniúlacht, atá le feiceáil ar shlí nach beag í san *Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015*.
- 1.07 Agus an tionscadal seo á forbairt, déanfaidh an Coimisiún (agus é ag féachaint d’aon obair coibhéseach atá déanta sé réimse seo) raon de cheisteanna a mheas, lena n-áirítear:
- (1) comhordanáidiú od’aon chumhachtaí nua atá molta maidir le comhlachtaí marthanachta nó nua i gcomhar le comhlachtaí rialála agus maoirseachta, dála an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte maidir le cheisteanna sláinte, an Bhainc Cheannais maidir le ceisteanna airgeadais agus na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir le ceisteanna i ndáil leis an leas sóisialach.
  - (2) cumhachtanna maidir leis an rochtain agus an cigireacht, go hairithe maidir leis an gceist faoi rochtain ní amháin ar áitribh thráchtála ach ar áit chónaithe phríobháideach chomh maith.
  - (3) cumhachtaí eile, dála na cinn sin a rinne an Coimisiún iad a bhreith sa tionscadal dá Cheathrú Clár ar Chumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha, faoinar fhoilsigh an Choimisiún a Thuarascáil in 2018,<sup>4</sup> agus
  - (4) rochtain ar sonraí íogaire, lena n-áirítear faisnéis airgeadais.

<sup>3</sup> *Tuarascáil ar Aosaigh Leochaileacha agus an Dlí (LRC 83-2006)*.

<sup>4</sup> *Tuarascáil ar Chumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha (LRC 119-2018)*.

### 3. An Príobháideachas agus an Teicneolaíocht sa Ré Dhigiteach

- 1.08 Déanfar gnéithe den tionchar atá ag an ré dhigiteach ar an dlí a mheas sa tionscadal seo.
- 1.09 Tabharfaidh an Coimisiún tús áite do scrúdú a bheith déanta ar conas a bhíonn tionchar ag teicneolaíocht ar an meoin thraidisiúnta maidir leis an bpríobháideachas sa ré dhigiteach. Go háirithe, déanfar scrúdú ann ar an oiread is gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a rinne an Coimisiún sa réimse seo roimhe seo sna 1990í déanacha, maidir leis an bpríobháideachas agus an fhaireachas,<sup>5</sup> i gcomhthéacs na ré digití, agus an oiread is a bhfuil an réimse seo (ina bhfuil páirt á glacadh ag an Stát agus gníomhaithe ón earnáil phríobháideach (atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile)) tar éis athrú ó bhonn idir an dá linn. Sa tionscadal, cuirfear san áireamh chomh maith an tionchar atá ag an dlí úrnua ón AE agus ón CECD, ar a ndearnadh scrúdú sa Cheathrú Clár de chuid an Choimisiúin sa tionscadal faoin idirchumarsáid dhíobhálach agus an sábháilteacht dhigiteach.<sup>6</sup>
- 1.10 Is féidir go féachfar ar ghnéithe eile den tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar an dlí substaintiúil agus ar an dlí nós imeachta sa tionscadal chomh maith.
- 1.11 Maidir leis an dlí substainteach, féadfar go scrúdófar (ag féachaint d’aon obair dá leithéid atá á dhéanamh sa raon chéile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) raon scoite a bhaineann leis an tionchar tothchaíoch a bheidh ag gléasanna digiteacha idirnasctha - “Idirlíon na nEarraí” (IoT). Mar shampla, tá sé dóchúil go mbeidh tionchar suntasach ag an fhorbairt d’fheithiclí uathrialaitheacha agus d’árthaigh uathrialaitheacha ar an idirfheidhm atá ann idir an dlí um thrácht ar bhóithre nó rialacháin muirí ar an taobh amháin, agus an dlí um dliteanas i leith táirgí ar an taobh eile, agus féadfar leasúcháin a aimsiú le tionscadal scoite dá leithéid a bheadh de dhíth chun an réimse dlí sin a fhorbairt.
- 1.12 Maidir leis an dlí nós imeachta, féadfar scrúdú a bheith déanta sa tionscadal chomh maith ar an fheidhm a bhféadfar baint as an réiteach díospóide ar líne (ODR).<sup>7</sup> Cé go bhfuil an acmhainneacht ag an ODR níos chun mó éifeachta a thabhairt don cheart um rochtain ar na cúirteanna agus don cheart chun leigheas éifeachtach, tá imní ann go bhfuiltear ag róbhrath air agus go bhfágfar dá bharr sin go mbeidh tionchar aige ar an gceart um rochtain ar an gcomhairle dlí neamhspleách agus ar chaighdeán an bhreithnithe dlí go ginearálta.

---

<sup>5</sup> Tuarascáil ar an bPríobháideachas: An Faireachas agus an Tascradh Idirchumarsáidí (LRC 57-1998).

<sup>6</sup> Tuarascáil ar Chumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach (LRC 116-2016).

<sup>7</sup> Is eol don Choimisiún gur fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais *An Bille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha)*, in 2017, ina moltar, i measc níthe eile, go gcumhachtófar na coistí Rialacha Cúirte foráil a dhéanamh don ríomh-Chomhadú agus do phróisis leictreonacha eile a bhaineann le cásanna sibhialta.

## 4. Pianbhreitheanna Struchtúrtha

- 1.13 Murab ionann agus a bhíonn i roinnt mhaith dlínsí dlí coiteann eile, tá córas pianbhreitheanna i bhfeidhm in Éirinn atá neamhstruchtúrtha den chuid is nó agus ina dtugtar roinnt mhaith freagracht do na breithiúna miosúr lánrogha leathan sna chásanna ar leith.<sup>8</sup> Le cúpla bliain anuas, faraor, tá roinnt mhaith breithiúnas tugtha sna cúirteanna achomhairc ina bhfuiltear tar éis roinnt mhaith treorach a thabhairt maidir leis an gearradh pianbhreitheanna i ndáil le roinnt cionta.<sup>9</sup> Anuas air sin, moltar sa *Bhille um Chomhairle na mBreithiúna, 2017* go gcuimseofar le Comhairle na mBreithiúna Coiste um Pianbhreitheanna a gcuirfear ar a chumas faisnéis maidir le pianbhreitheanna a thiomsú agus treoir maidir le pianbhreitheanna a fhoilsiú.
- 1.14 Moladh i roinnt mhaith aighneachtaí gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an réimse seo. Cé go gcuirtear i leith leis na forbairtí atá luaite roimhe seo go bhfuil comhlachtaí eile ann a bhfuil treoir thábhachtach tugtha acu i ndáil leis seo agus a leanfar leo a dhéanamh amhlaidh, mar sin féin measann an Coimisiún go mbeadh sé áisiúil anailís sa bhreis a chur ar fáil, chun cur leis an obair atá déanta sa réimse seo cheanna féin. Áirítear leis an obair sin an tuarascáil dá chuid ar phianbhreitheanna go ginearálta,<sup>10</sup> an tuarascáil dá chuid ó 2013 ar phianbhreitheanna sainordaitheacha<sup>11</sup> agus an tuarascáil maidir le pianbhreitheanna ar fionraí faoina Chlár reatha, an Ceathrú Clár.<sup>12</sup>
- 1.15 Déanfar meas sa thionscadal seo dá bharr ar an oiread is a bhféadfar na gnáthphrionsabail maidir le gearradh pianbhreitheanna, in éineacht le bunachar sonraí faisnéise um pianbhreitheanna, a úsáid mar bhonn le córas struchtúrtha pianbhreitheanna. Féadfar gurbh é an cuspóir a bheadh i gceist leis a leithéid de chóras ná go mbainfear amach aonfhoirmeacht nó comhsheasmhacht maidir leis an gcur chuige seachas aonfhoirmeacht de thorthaí, rud a bhféadfar a dhéanamh de réir meascán de threoir ó chúirteanna achomhairc agus an faisnéis a thagann ón gCoiste um Fhaisnéis Phianbhreith den Chomhairle Bhreithiúnach. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar roinnt samplaí chun na críocha sin, lena n-áirítear an Chomhairle um Pianbhreitheanna Shasanna agus na Breataine Bige agus an fhorbairt de threoir um pianbhreitheanna i dTuaisceart Éireann faoi choimirce an Tiarna Príomh-Bhreitheamh.

<sup>8</sup> O'Malley, *Sentencing: Towards a Coherent System* (Round Hall, 2011).

<sup>9</sup> Féach mar shampla *An Pobal (An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poblí) v Ryan* [2014] IECCA 11 (cionta arm tine), *An Pobal (An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poblí) v Fitzgibbon* [2014] IECCA 12, [2014] 2 ILRM 116 (ionsaí is cúis le díobháil thromchúiseach a dhéanamh), *An Pobal (An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poblí) v Z* [2014] IECCA 13, [2014] 1 IR 613 (an t-éigniú agus drochíde do leanaí), *An Pobal (An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poblí) v Road Team Logistic Solutions* [2016] IECA 38 (sláinte agus sábháilteacht) agus *An Pobal (An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poblí) v Casey* [2018] IECA 121 (buirgléireacht).

<sup>10</sup> *Tuarascáil ar Phianbhreitheanna* (LRC 53-1996).

<sup>11</sup> *Tuarascáil ar Dhaortha Éigeantacha* (LRC 108-2013).

<sup>12</sup> *Páipéar Saincheisteanna maidir le Forfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha* (LRC IP 12-2017). Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Tuarascáil atá déanta aige ar an dtionscadal seo in 2019.

## 5. Athbhreithniú agus Comhdhlúthú a dhéanamh ar an Dlí um Chionta Gnéasacha

- 1.16 Le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí, fuair an Coimisiún líon fada d'aighneachtaí a bhain leis an gá atá ann athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den dlí um chionta gnéasacha agus don dlí a chomhdhlúth.
- 1.17 Maidir leis na gnéithe áirithe den dlí, déanfar scrúdú sa thionscadal ar:
- (1) an sainmhíniú ar an éigniú;
  - (2) fianaise maidir le stair chollaíochta an duine;
  - (3) más ceart deireadh a chur leis an teagasc maidir le gearán úrnua
  - (4) an foláireamh lánroghnach maidir leis an gcomhthacaíocht
  - (5) neamhainmníocht na gcúisithe i gcásanna den ionsaí gnéasach;
  - (6) más cheart go gcloisfear trialacha ionsaí gnéasacha ar bhealach éigin nach os comhair an phobail é;
  - (7) an ráta ard laghdaithe a bhaineann le cásanna d'ionsaí gnéasach, agus más rud é go mbeadh tionchar ag leasúcháin gnásúla agus leasúcháin eile air seo; agus
  - (8) ionadaíocht dlíthiúil ar leith le haghaidh gearánaithe.
- 1.18 Maidir leis an gcomhdhlúthú, cé go bhfuiltear tar éis foráil a dhéanamh chun athchóiriú suntasach a chur leis an *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017*,<sup>13</sup> fós féin ní dhearnadh leis an dlí a chomhdhlúthú amach is amach agus fós tá roinnt cionta gnéasacha ann gurb i reachtanna siar sa 19 haois atá siad le fáil sa leabhar reachtanna.
- 1.19 Beidh sé i gceist leis an dá ghné den thionscadal seo aird chuí a thabhairt don obair ábhartha atá déanta ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i ndáil le cionta gnéasacha.

---

<sup>13</sup> Rinneadh an tAcht seo a leasú sa bhreis air sin leis an *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2019*.

## 6. Mionn éithigh

- 1.20 Cion faoin dlí coiteann is ea an mionn éitigh faoi láthair, cé is moite de ceisteanna cúntacha éagsúla a dtagann sé faoin réir agus lena bhforálaítear i roinnt reachtanna d'anallód, dála an *Perjury Act 1586* agus an *Perjury Act 1729*. Táthar tar éis foráil a bheith déanta chomh maith i reachtaíocht déanaí go léir do chionta sainábhair, dála le halt 25 den *Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004*, lena bhforáiltear don chion fianaise bhréagach nó míthreorach a thabhairt i gcásanna díobhálacha pearsanta.
- 1.21 Roimhe seo thagair an Coimisiún don dlí maidir le mionn éithigh ina thuarascáil in 1990 ar mhionta agus ar dhearbhuithe,<sup>14</sup> agus cé nach ndearnadh aon mholtaí ann go ndéanfaí leasúchán, ag féachaint don scóip a bhí i gceist leis an tuarascáil, rinneadh ann a thabhairt aitheantas go mbeadh sé inmhianaithe an dlí a athluadh i dteanga an lae inniu agus le pionóis nuashonraithe ar bhonn iomchuí.
- 1.22 Moladh i roinnt mhaith aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin go bhfuil gá ann athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí um mionn éitigh. Chuirfeadh ráiteas nua ar an dlí maidir le mionn éithigh, lena n-áireodh sainmhíniú agus pionóis nuashonraithe, soiléireacht thábhachtach leis an dlí. Tá an Coimisiún feasach air go dtagann an réimse seo den dlí faoi réir athbhreithnithe agus athcóirithe i roinnt mhaith dlínis ina nglactar leis an dlí coiteann, agus féachfaidh le forbairtí iontu siúd agus é ag forbairt an tionscadal seo.

---

<sup>14</sup> *Report on Oaths and Affirmations* (LRC 34-1990), Ich.21. Rinneadh na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil sin a chuimsiú sa *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 117-2016) a rinne an Coimisiún níos déanaí ina dhiaidh sin.

## 7. Cúiteamh a Dhéanamh as Íospartaigh na Coireachta

- 1.23 Cuireadh an Scéim um Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla i mbun ar bhonn neamhrechtúil in 1974, go príomhach chun dul i ngleic leis na riachtanais a bhíonn ag íospartaigh na coireachtanach mbeadh in ann cúiteamh a fháil trí éileamh sibhialta i gcoinne an chiontóra. Leasaíodh é in 1986 ar bhonn suntasach trína sainchúram a theorannú ionas nach mbaineadh sé ach amháin le cúiteamh as damáistí speisialta (caillteanas inchainníochtaithe, dála chaillteanais phá) gan damáistí ginearálta (damáistí as an gcrá agus as an fhuascailt a bhí i gceist) a bheith ceadaithe.
- 1.24 Déanfar scrúdú leis an tionscadal seo faoina bhfuil gá ann an Scéim a leasú, go háirithe ag féachaint leis na dualgais atá ag Éirinn cúiteamh a thabhairt d'íospartaigh na gcoireachta faoi Threoir 2004/80/CE a bhaineann le cúiteamh d'íospartaigh na gcoireachta. Sa tionscadal seo déanfar scrúdú arbh cheart don Scéim a bheith leasuithe go n-áireofar leis éilimh ar dhamáistí ginearálta a tharlaíonn do na híospartaigh, agus aon ghnéithe eile de lena bhféadfar gá a bheith ann iad a leasú.
- 1.25 Cuireadh imní in iúl i roinnt mhaith de na haighneachtaí a fuair an Coimisiún maidir le hoibríocht na Scéime maidir le cionta gnéasacha. Mar shampla, déantar foráil leis an Scéim nach mbíonn an t-íospartach i dteideal le cúiteamh sa chás go bhfuil sé in aontíos leis an gciontóir, rud a fhágann go bhfuil sé dóchúil go n-eisítear a lán íospartach foréigin gnéasaigh. Déantar foráil leis chomh maith nach mbeidh aon chúiteamh iníoctha i gcásanna ina raibh an t-íospartach freagrach as an gcoir ar aon bhealach, lena n-áirítear trí griogtha, lena bhféadfar íospartaigh den fhoréigean baile a fhágáil amuigh. Táthar tar éis imní a bheith curtha in iúl i roinnt aighneachtaí chomh maith faoin idirghníomhaíocht idir an Scéim agus alt 6 den *Acht um Cheartas Coiriúil, 1993*, lena bhforáiltear do nós imeachta lena féidir le cúirt choiriúil ordú a thabhairt do chiontóir cúiteamh a íoc leis an íospartach maidir le díobháil phearsanta nó caillteanas a tharlaíonn mar gheall ar an gcion.

## 8. Rialáil an Choinneála faoi Choimeád an Gharda Síochána.

- 1.26 Faoi láthair na huaire, déantar coinneáil faoi choimeád an Gharda Síochána a rialáil leis *an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984* agus leis na Rialacháin ábhartha a ndearnadh iad faoi Acht 1984, dála na *Rialacháin maidir leis an mBail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána, 1997*, na *Rialacháin maidir le Taifeadadh Leictreonach Agallamh agus Na Rialacháin maidir le Fuadreán Coinneála de réir alt 4(3A), 2011*.
- 1.27 Táthar tar éis moladh a fháil in aighneachtaí a fuair an Coimisiún go bhféadfar nach bhfuil an reachtaíocht reatha comhlíontach leis na ceangaltais bhunreachtúla atá ag teacht suas nó na ceangaltais sin atá ann de réir an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine. Is féidir go gcuirfear bac leis sin ar oibriúchán éifeachtach den chóras dlí choiriúil, lena n-áirítear an próiseas trialach coiriúla, agus dá bharr sin fágann sé roinnt rioscaí do chearta daoine atá faoi choimeád agus d'íospartaigh na gcoireachta, agus do leas an phobail in oibriúchán éifeachtach an chórais dlí coiriúla.
- 1.28 Dá bharr sin, déanfar scrúdú sa tionscadal seo ar roinnt mhaith saincheisteanna dlíthiúla a bhaineann le daoine ar gabhadh iad i ndáil le cion coiriúil agus atá coinnithe faoi choimeád ag an nGarda Síochána. I measc na saincheisteanna seo, áirítear: cé chomh fairsing is atá an ceart rochtana ar dlíodóir; an soláthar faisnéise; an soláthar de chúnamh leighis; an saincheist maidir le cúnamh consalachta d'eachtrannaigh atá á choinneáil; agus an soláthar d'aistritheoir nó d'atheangaire. Déanfar scrúdú sa tionscadal seo ar na saincheisteanna seo ag féachaint do na forálacha ábhartha den Bhunreacht agus den CECD. Chomh maith leis sin cuirfear na Treoracha AE atá ábhartha san áireamh sa tionscadal seo, is é sin a rá na treoracha AE sin a bhfuil an Stát tar éis an rogha atá d'fheidhm aige glacadh leo, chomh maith leosan gur féidir leis an Stát rogha a dhéanamh glacadh leo sa todhchaí. Cuirfear an obair atá déanta ag an gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta san áireamh sa tionscadal freisin.
- 1.29 Anuas air sin, cuirfear na socruithe atá ann faoi láthair maidir le cineálacha coinneála éagsúla san áireamh sa tionscadal, agus déanfar measúnacht ann arbh cheart smaoineamh ar an gcomhdhlúthú, nó ar iarracht a bheith déanta na cumhachtaí a bhaineann le cineálacha éagsúla den choinneáil a leasú le bheith ní ba chomhionainne.

## 9. Teorannacha le Damáistí sa Dlíthíocht um Díobhálacha Pearsanta

- 1.30 Cuireadh ina leith i roinnt mhaith aigheachtaí go ndéanfadh an Coimisiún scrúdú ar ghnéithe den dliteanas sibhialta in éilimh ar dhíobhálacha pearsanta, lena n-áirítear leibhéal na ndamáistí ina leithéid de chás. Tá an Gasra Oibre um Chostais Árachais<sup>15</sup> agus an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta<sup>16</sup> tar éis scrúdú a dhéanamh ar raon fairsing de shaincheisteanna a bhaineann le costas an árachais ghluasteán, an árachais fhóstóra agus an árachais dliteanais phoiblí, agus áirítear leis seo gnéithe de dhámhachtain na damáistí i gcásanna dá dhála. Ag féachaint do na haighneachtaí ginearálta a fuarthas, agus d'íarratas ón nGrúpa Oibre agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar a bhfuil sé iomchuí a reachtú go gcuirfeadh teorainn leis an leibhéal damáistí a bhféadfar le cúirt a dhámhadh maidir le roinnt catagóirí d'éilimh ar dhíobhálacha pearsanta, nó maidir leis na catagóirí uile sin.
- 1.31 Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an raon seo roimhe seo,<sup>17</sup> lena n-áirítear an tuarascáil den bhliain 2000 dá chuid inar moladh gur cheart don dlí maidir le díobhálacha a bheith forbartha leis an gcásdlí, go príomhúil.<sup>18</sup> Tá na cúirteanna tar éis leagadh síos, i sraith de chásanna lena n-áirítear *Sinnott v Quinnsworth Ltd*,<sup>19</sup> *Yun v Biúró Árachóirí Mótair na hÉireann*<sup>20</sup> agus *Shannon v O'Sullivan*,<sup>21</sup> a bhféadfar dá dtagairt mar “theorannacha” nó “tháillí” ar dhamáistí ginearálta (damáistí as pian agus fuascialt), lena gcuirtear san áireamh na gortuithe a fhuailaingíonn an gearánaí agus i gcásanna áirithe an leibhéal de dhamáistí speisialta a dhámhtar (mar shampla, caillteanas ioncaim agus costais um an gcúram leighis). Tá na teorannacha nó táillí sin tar éis leasuithe ag na cúirteanna le himeacht na blianta, ag cur na tosca eacnamaíochta agus an boilsciú i gcostais leighis san áireamh. Sa tionscadal reatha déanfar a mheas más rud é go mbeadh sé incheadaithe de réir an bhunreachtá nó inmhinaithe ar aon bhealach eile foráil a dhéanamh do chóras reachtúil lena gcuirfeadh teorannacha leis an méid damáistí a bheadh inghearrtha i gcásanna de dhíobhálacha pearsanta. Féachfar sa tionscadal seo d'fhorbairtí i ngnéithe gaolmhara sa dlí maidir le damáistí chomh maith, dála an fhoráil atá ann d'Orduithe um Íocaíochtaí Tréimhsiúla faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta 2017, agus d'fhorbairtí atá déanta i ndlínsí inchomparáide eile.

<sup>15</sup> Féach <http://www.finance.gov.ie/what-we-do/insurance/the-cost-of-insurance-working-group/>.

<sup>16</sup> Féach <https://dbei.gov.ie/en/Who-We-Are/Department-Structure/Commerce-Consumer-and-Competition-Division/Personal-Injuries-Commission/Personal-Injuries-Commission.html>.

<sup>17</sup> Tuarascáil ar *Phianbhreitheanna* (LRC 60-2000).

<sup>18</sup> Rinne an Coimisiún um an Dlí le haghaidh Shasana agus na Breataine Bige dearcadh cosúil leis sin sa Tuarascáil dá chuid ó 1998, *Damages for Personal Injury: Non-Pecuniary Loss* (Law Com Uimh. 257).

<sup>19</sup> [1984] ILRM 253.

<sup>20</sup> [2009] IEHC 318.

<sup>21</sup> [2016] IECA 93.



## 10. Orduithe Coiscrithe um Chostais

- 1.32 Táthar tar éis a chur in iúl i roinnt mhaith aighneachtaí go bhfuil sé tar éis éirí i bhfad níos deacra do roinnt mhaith daoine rochtain a fháil ar an gcóras dlí trí na cúirteanna i gcomhtheács na dlíthíochta sibhialta (seachas an raon teoranta a chlúdaítear leis an *Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995*) mar geall ar na costas do-íochta atá i gceist, agus go bhféadfar córas ginearálta um Orduithe Coiscrithe um Chostais (PCOanna) a bheith de chúnamh chun é sin a mhaolú. Is é an gnáth-riail sa dlíthíocht shibhialta in Éirinn go “leanann na costas an imeacht”, is é sin a rá gurb éigean don pháirtí a chailleann an chás costais an pháirtí a éiríonn leis sa chás a íoc (chomh maith lena chuid costas féin); ach ní bhíonn feidhm ag an riail seo go dtí go bhfuil cinneadh déanta maidir leis an gcás sa chúirt, nó go dtugtar chun socrú maidir leis. Dá bhrí sin, b’éigean do daoine indibhidiúla éileamh a mhaoiniú óna gcuid acmhainní féin, agus bíonn an riosca breise ann gurbh éigean dóibh íoc as costais dlí an pháirtí eile más rud é nach éiríonn leo. Táthar tar éis a mholadh dá bharr go bhfágann sé, mar gheall ar na costas arda atá i gceist leis an dlíthíocht shibhialta, go ndéantar a lán daoine a dhíspreagadh as imeachtaí a thionscnamh nó a chosaint.
- 1.33 Bíonn cruthanna éagsúla gur féidir a bheith ag córais PCO ach de ghnáth feidhmíonn siad chun páirtí amháin a chosaint ó uallach chostais an pháirtí eile a glacadh sa chás nach éiríonn leo sa chás, malartú den ghnáth-thriail atá ann go leanann na costas an imeacht. Le roinnt scéimeanna PCO coiscítear páirtí amháin óna gcuid costas a éileamh fiú más rud é gur éirigh leo, le roinnt cinn eile ní deirtear faic ar an gceist seo, agus le cinn eile fiú ceadaítear don pháirtí a chuid costas a aisghabh sa chás go n-éiríonn leo. Cuireadh foirm de PCO ar bhonn reachtúil in Éirinn de réir an *Achta Chomhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011* maidir le líon teoranta de chásanna a thagann faoi Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí agus Rochtain ar Cheartas i gcúrsaí Comhshaoil (“Coinbhinsiún Aarhus”), de réir mar a cuireadh i bhfeidhm é le Treoir 2003/35/CE (Treoir leasaithe an MTT). Sa tionscadal seo déanfar scrúdú ar an gcás atá ann chun scéim reachtúil leathan a thabhairt isteach do PCOanna, agus forbairt de shocruithe dá leithéid atá ann i ndlínsí curtha san áireamh.

## 11. Dliteanas Óstán agus Teaghlachas Gaolmhara

- 1.34 Rinneadh cód reachtúil a thabhairt isteach in ionad na dualgais faoin dlí coiteann a cuirtear ar dílseánaigh óstán leis *an Acht um Dhílseánaigh Ostán, 1963*, agus rinneadh leis an Acht sin an Coinbhinsiún maidir le Dliteanas Óstlannaithe i dtaca le Maoin a nAíonna de chuid Chomhairle na hEorpa ón mbliain 1962 a chur chun feidhme.
- 1.35 Déantar foráil le hAcht 1963 go mbíonn an óstán faoi dhiandliteanas as damáiste, caillteanas nó scriosadh as maoin aíonna, cé is moite d'éisteachtaí áirithe (dála mótarfheithiclí atá páirceáilte i tailte an óstáin ag aíonna atá ag fanacht ann). Tá teorainn de €127 (£100) curtha leis an riail seo maidir leis an diandliteanas, agus ní dhearnadh é a leasú ó 1963 i leith.
- 1.36 Tháinig Acht 1963 isteach in ionad an dualgas sin faoin dlí coiteann gan ach amháin praghsanna “réasúnta” a ghearradh agus dualgas chun cóiríocht, bia agus deoch a chur ar fáil “ag an ráta de tháillí atá i bhfeidhm san óstán ag an tráth reatha.” De réir dealraimh, níl le brath san fhoráil seo fíor-phraghsanna óstán sa dara sraith de dheich blianta den 21 haois, ina ndéantar formhór de sheomraí óstán a chur in áirithe ar líne, agus ina mbíonn ról tábhachtach ag algartaim agus tosca sainiúla dála tarlú imeachtaí móra spóirt nó imeachtaí poiblí eile chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpraghas gur cheart a bheith gearrtha.
- 1.37 Déanfar scrúdú ar an oiread is atá gá ann athchóiriú a dhéanamh le hAcht 1963 sa tionscadal seo, ag féachaint do na forbairtí ón tráth a achtacháin. Leis seo, áirítear: tionchar an boilscithe ón tráth ar cuireadh an teorainn airgeadais de €127 leis an réimeas diandliteannais in 1963, an tionchar atá ag an gclárúchán ar líne ar an dualgas a bhaineann le táillí; cé gur cheart d’Acht 1963 a bheith sínte amach ionas go gclúdófar tithe aíochta, óstáin, tithe leaba agus bricfeasta traidisiúnta agus socruithe eile ligin ghearrthearma inchurtha leo don réim ar líne; agus an tionchar atá ag reachtanna um dhliteanas sibhialta ginearálta atá achtaithe ó bhí 1963 ann, lena n-áirítear *an tAcht um Dhliteanas Áititheoirí 1995* agus *an tAcht um Stádas Comhionann, 2000*.

## 12. Dlíteanas Cumann Neamhchorpraithe

- 1.38 Tugadh aitheantas don gá atá ann dlíteanas comhlacht neamhchorpraithe a athbheithniú sa cinneadh a rinne an Chúirt Uachtarach i gcinneadh a tugadh in 2017 in *Hickey v McGowan*.<sup>22</sup> Chuir an gearánaí i leith go ndearna comhalta de chuid an Oird Mhuirigh de Bhráithre Reiligiúnacha, comhlacht neamhchorpraithe, mí-úsáid gnéis air idir 1968 agus 1972. Dhearbhaigh an Chúirt nach raibh an gearánaí i dteideal breithiúnas a fhail i gcoinne an Oird, cé go raibh sé i dteideal breithiúnas a fháil i gcoinne daoine indibhidiúla a bhí ina gcomhalta de chuid an Oird idir 1968 agus 1972 ar bhonn an dhliteanais ionadaigh a bhaineann leo mar ghrúpa. Is é an tionchar is dóchúil le bheith aige sin ná nach bhfaighidh an gearánaí breithiúnas i gcoinne sócmhainní reatha an Orduithe.
- 1.39 Tá an mheoin seanbhunaithe sin sa dlí coiteann nach mbíonn aon phearsantacht dhlíthúil ar leith ag comhlacht neamhchorparáide atá éagsúil óna chuid comhaltaí le brath i gcás *Hickey*. Dá réir sin, in *Murphy v Roche & Chuid Eile*,<sup>23</sup> dhearbhaigh an Ard-Chúirt nárbh fhéidir don ghearánaí, comhalta de chuid chumann CLG a thit agus a rinne dochar dó féin le linn rince in áitreabh an chumainn, cás a thabhairt in aghaidh an chumainn toisc gurbh é é féin a mbeadh an cás tugtha ina gcoinne, i ndáiríre. Tá sé curtha in iúl go bhfuil an t-eisiamh seo ón dlíteanas sibhialta i ndáil le comhaltais neamhchorpraithe deacair a chomhréiteach leis an gceart atá ann don chóir chomhionann de réir Alt 40.1 den Bhunreacht agus leis an ceart rochtana chun na cúirteanna de réir Alt 40.3 agus faoi Alt 6 an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine.<sup>24</sup> Murab ionann agus sin, féadfar don dlíteanas coiriúil a bheith curtha ar chomhlachas neamhchorpraithe, ar a laghad maidir le cionta reachtúla. Dá réir sin, dhearbhaigh an Ard-Chúirt in *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Club Fheirmeoirí Loch Garman*<sup>25</sup> go bhféadfar don ghearánaí, an cumann, a bheith ciontaithe as cion faoin *Acht Deochanna Meisciúla, 1937* a bhfuil feidhm aige i ndáil le “duine” agus lena sainmhínear san *Acht Léiriúcháin, 1937* (agus anois san *Acht Léiriúcháin, 2005*) mar chomhlacht corparáide agus mar chomhlacht neamhchorpraithe daoine araon.
- 1.40 Beifear ag plé sa tionscadal seo, dá bharr sin: más féidir pearsantacht dlíthúil ar leith a shannadh le comhlachtaí neamhchorpraithe, agus cathain is féidir amhlaidh a dhéanamh; agus más ceart é go mbeadh comhaltaí de chuid comhlachtaí neamhchorpraithe, lena n-áirítear cumainn spóirt, in ann an dlí a chur ar na chumainn sin. Féadfar plé a dhéanamh sa tionscadal chomh maith faoina bhfuil gá ann, nó nach bhfuil, níos mó soiléireachta a bheith ann maidir leis an dlíteanas coiriúil a bhíonn ag comhlachtaí neamhchorpraithe.

<sup>22</sup> [2017] IESC 6, [2017] 2 IR 196.

<sup>23</sup> [1987] IR 656.

<sup>24</sup> Féach McMahon agus Binchy, *Law of Torts* 4<sup>th</sup> eag. (Bloomsbury, 2013) ag mír 39.25.

<sup>25</sup> [1994] 2 ILRM 295.

### 13. Gnéithe de Dhlí na Fianaise

1.41 Sa Tuarascáil de chuid an Choimisiúin ó 2016 ar *Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise*,<sup>26</sup> rinneadh moltaí fadréimseacha maidir le 3 réimse mhóra i ndlí na fianaise (an chlostrácht, an fhianaise dhoiciméadach, agus fianaise saineolaithe) chomh maith le comhdhlúthú a bheith déanta ar na hachtanna atá i bhfeidhm, roimh-1922 agus iar-1922 arson, de chuid na *nAchtanna Fianaise* (18 díobh san iomlán). Rinneadh argóint i roinnt mhaith aighneachtaí a fuair an Coimisiún go raibh gá ann athbhreithniú a dhéanamh ar níos mó gnéithe de dhlí na fianaise, agus déanfar scrúdú sa tionscadal seo ar dhá réimsí de, an fhianaise maidir le droch-charachtar agus an dlí maidir le pribhléid.

#### (a) Fianaise maidir le Droch-charachtar

1.42 Is éard atá i gceist le dlí na fianaise maidir le droch-charachtar, ar a dtugtar “an fhianaise maidir leis an mí-iompar” nó “fianaise fíorais chomhchosúil”, ná fianaise a thabhairt, go háirithe an t-ionchúiseamh i dtríal chóiriúil, de chineál éigin iompair mhí-ionraic nó mhíghradamúil a bhí ag an gcúisí roimhe sin, bíodh sé sin iompar coiriúil nach mbeadh. Is í an riail traidisiúnta sa dlí coiteann ná nach bhfuil a leithéid d’fhianaise inghlactha nuair nach ndéantar é a thabhairt suas ach amháin chun léiriú gur duine a bhfuil droch-ainm air go ginearálta agus go bhfuil níos dóchúil dá bharr go mbeadh sé tarraingthe i dtreo na coiriúlachta. Rinne an Chúirt Uachtarach plé ar an riail in 2011 in *An Pobal (an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí) v McNeill*,<sup>27</sup> agus cé go ndearnadh feidmiú na rialach a shoiléiriú a oiread is a bhain sé le “fianaise chúlra” a bheith tugtha isteach, rinneadh suntas dó chomh maith go mbeadh sé tairbhíúil athbhreithniúchán cuimsitheach a bheith déanta ar an dlí seo, lena bhféadfar an cásdlí sa réimse i gceist atá carntha in Éirinn agus i ndlínsí eile a chur san áireamh, chomh maith le saineolas cothrom chun dáta ó réimsí na síceolaíochta agus na socheolaíochta.<sup>28</sup>

#### (b) An Pribhléid

1.43 Moladh i roinnt mhaith aighneachtaí gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an dlí maidir le pribhléid chomh maith. Rinneadh suntas de go léirítear sean-luachanna sa dlí reatha maidir leis na cineálacha caidrimh a bhí forbartha suas go dtí an 19 haois. Déanfaidh an Coimisiún a mheas an oiread is a bhfuil gá ann an dlí a athmheasúnú, lena n-áirítear mar shampla conas ba cheart déileáil le comhfhreagras comhairleoireachta. Ce go bhfuiltear tar éis é sin a phlé go méid áirithe san *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017*, fós tá gá ann i a phlé maidir leis an dlí níos leithne maidir le pribhléid.

---

<sup>26</sup> *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Ghnéithe Dhlí na Fianaise* (CAD 117-2016).

<sup>27</sup> [2011] IESC 12, [2011] 2 IR 669.

<sup>28</sup> [2011] IESC 12, [2011] 2 IR 669, ag alt 169 (O’Donnell B).

## 14. Gnéithe den Dlí Teaghlaigh

- 1.44 Tugadh le fios an gá atá ann gnéithe sonracha den dlí teaghlaigh a phlé, go háirithe dlí an cholscartha, agus sa tionscadal seo déanfar dhá réimse a phlé, soláthar ceart don cholscaradh agus an t-aitheantas ar cholscarthaí eachtrannacha agus ar phóstaí eachtrannacha.

### (a) Soláthar Ceart don Cholscaradh

- 1.45 Déantar foráil le hAirteagal 41 den Bhunreacht nach mór go ndéanfar an chúirt cinneadh, i gcás colscartha, faoina bhfuil soláthar cuí déanta do na céilí i gceist, agus tá an ceangaltas seo le brath san *Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh)*, 1996, chomh maith. Tá roinnt mhaith cásdlí déanta ar an gceist seo, agus cé go ndéantar foráil le hAcht 1996 do roinnt cheisteanna atá le bheith curtha san áireamh, fós féin is de rogha breithiúnach atá an cinneadh maidir leis an “soláthar cuí” go príomhúil, go deo. I measc na gceisteanna atá ina chúiseanna leis an díospóireacht sa chásdlí, áirítear an oireadh is gur féidir íocaíochtaí leanúnacha as dámhachtain cnapshuime a bheith déanta: féach, mar cinneadh na Cúirte Uachtaraí in *T v. T*.<sup>29</sup> Déanfar a mheas sa tionscadal an oiread is a bhféadfar aon treoir breise a chur ar fáil chun deimhniú comhsheasmhacht sa chur chuige a ghhlactar leis chun an rogha breithiúnach sin a fheidhmiú, go háirithe ar mhaithe le céilithe a chuidiú chun teacht ar shocruithe agus díospóidí a réiteach níos éifeachtúla agus ar chostas níos ísle.

### (b) Colscarthaí Seachtracha

- 1.46 Cuireadh imní in iúl i roinnt aighneachtaí chuig an gCoimisiún maidir leis an neamhchinnteacht a bhaineann leis an mbonn atá leis an aitheantas do cholscarthaí eachtrannacha. In *H v H*,<sup>30</sup> dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach gurb í an tástáil atá i bhfeidhm faoi láthair ná más rud é go raibh duine de na céilithe ina shainchónaí i ndlínse seachtrach, seachas más rud é go raibh duine de na céilithe ina chónaí sa dlínse sin de ghnáth. Áirítear leis an gcinneadh maidir le “sainchónaí” meastóireacht ar an intinn a bhí ag an duine sin fanacht sa dlínse seachtrach, rud atá teist air le bheith casta chun cinneadh a dhéanamh faoina thaobh i roinnt cásanna áirithe, cé go bhfuiltear in ann tástáil a dhéanamh maidir le gnáthchónaí de réir imthosca fíorasacha amháin, agus is féidir leis sin a bheith i bhfad níos éasca. Mheas an Chúirt Uachtarach gurbh fhéidir don tástáil a leasú leis an reachtaíocht, agus déanfar a mheas sa tionscadal dá bharr faoinar cheart don tástáil atá i réim faoi láthair a athchóiriú.<sup>31</sup> Anuas air sin, féadfar scrúdú a dhéanamh sa scrúdú ar cheisteanna a bhaineann le haitheantas póstaí polagamacha seachtracha agus póstaí trí ionadaíocht, ceisteanna ar mheas an Chúirt Uachtarach go mbeadh sé tairbhiúil breis athbhreithniúcháin a bheith déanta orthu in *HAH v SAA & Chuid Eile*.<sup>32</sup>

<sup>29</sup> [2002] IESC 68, [2002] 3 IR 334, at 364.

<sup>30</sup> [2015] IESC 7, [2015] 4 IR 560.

<sup>31</sup> Sa tuarascáil dá chuid ó 1985, *Tuarascáil ar Aitheantas ar Cholscarthaí Eachtrannacha agus ar Idirscarthaí Dlíthiúla Eachtrannacha*, (LRC 10-1985) mhol an Coimisiún go dtabharfar isteach ceangaltas bunaithe ar an gcónaitheacht, seachas ceann bunaithe ar an sainchónaí.

<sup>32</sup> [2017] IESC 40.

## 15. Gnéithe den Dlí Talún agus Tíolactha

- 1.47 Sa tuarascáil an Choimisiúin don bhliain 2005 inar pléadh nuachóiriú na dlí talún agus tíolactha,<sup>33</sup> áiríodh dréacht-Bhille mionsonraithe den *Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*, agus tháinig achtachán sna sála ar an fhoilseachán sin. Luadh i roinnt mhaith aighneachtaí a fuarthas go bhfuil gá ann athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt ceisteanna nár phléadh iad san Acht de 2009 nó lena bhfuil níos mó scrúduithe ag teastáil. Déanfar scrúdú ar 2 ghné den réimse seo den dlí sa tionscadal seo, an tseilbh chodarsna (nár pléadh in Acht 2009) agus éasúintí forordaitheacha (ar pléadh iad in Acht 2009).

### (a) An tSeilbh Chodarsna

- 1.48 Cuireadh an tseilbh chodarsna faoi chaibidil i dtuarascáil an Choimisiúin de 2005 agus sa dréacht-Bhille ach níor áiríodh na forálacha sin in Acht 2009 ar an mbonn go raibh breis meastóireachta de dhíth orthu d'fhonn an chinnidh a rinneadh i Seomra Mór Tionóil na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in *JA Pye (Oxford) Ltd v An An Ríocht Aontaithe*.<sup>34</sup> Beifear ag déanamh scrúdú ar an réimse dlí seo den athuair sa tionscadal seo, agus an anailís a rinneadh i dtuarascáil na bliana 2005 á chur san áireamh chomh maith leis na forbairtí ón gcinneadh a ndearnadh sa chás *Pye*.<sup>35</sup>

### (b) Éasúintí Forordaitheacha

- 1.49 Tá sé curtha in iúl sna haighneachtaí a fuarthas go bhfuiltear tar éis deacrachtaí a chruthú le roinnt gnéithe de na leasúcháin athchóirithe san Acht 2009 maidir le héasúintí forordaitheacha, go háirithe na ceangaltais maidir leis an gclárúchán. Is éard is éasúint fhorordaitheach ná éasúint a bhaintear amach trí úsáid nó leas fadtréimhseach, dála cearta bhealaigh. I bhfiannaise an líon fada dá leithéid d'éasúintí, tá sé tábhachtach go leanfar leis an dlí sa réimse seo a bheith soiléir. Déanfar scrúdú sa tionscadal dá bhrí sin ar a bhfuil gá ann don Acht 2009 a bheith leasaithe chun cosc a chur ar aon mhearbhall leanúnach, agus chun aon éiginnteacht a chosc a maidir leis an raon de chearta atá i gceist.

<sup>33</sup> *Tuarascáil maidir le hAthchóiriú agus Nuachóiriú na Dlí Talún agus Tíolactha* (LRC 74-2005).

<sup>34</sup> (2007) 46 EHRR 1083.

<sup>35</sup> Féach, mar shampla, *Dunne v Iarrród Éireann* [2016] IESC 47, [2016] 3 IR 167, ag alt. 23 (Laffoy B) and Wylie, "Adverse Possession – Still an Ailing Concept?" (2017) 58 Ir Jur 1.







## CUID 2

# AN CÚLRA LE FORBAIRT AN CHÚIGIÚ CHLÁR

2.01 Sa chuid seo, tá an cúlra le forbairt an Chúigiú Chláir leagtha amach ag an gCoimisiún.

### Príomhfheidhmeanna an Choimisiúin

2.02 Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975* (Acht 1975). Déantar foráil le hAcht 1975 gurb é ról an Choimisiúin an dlí a choimeád faoi athbhreithniú agus chun tabhairt faoi thaighde ag féachaint leis an dlí a athchóiriú. De réir an Achta sainmhínítear an t-athchóiriú dlí go n-áireofar leis:

- forbairt an dlí
- códú an dlí (agus é a shimpliú agus a nuachóiriú san áireamh leis sin), agus
- athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtaigh.

2.03 Is trí Chláir Athchóirithe Dlí a chuirtear ról an Choimisiúin maidir leis an athchóiriú dlí i gcrích, go príomha. Oibríonn an Coimisiún ar ábhair shonracha chomh maith ar bhonn atreoraithe ón Ard Aighne faoi Acht 1975. Ón am ar bunaíodh é, tá 200 cáipéis foilsithe ag an gCoimisiún (Páipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin, Páipéir Saincheisteanna agus Tuairiscí) a bhfuil moltaí d'athchóiriú dlí iontu agus tá siad seo uile ar fáil ar shuíomh an Choimisiúin, [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie). Tá timpeall ar 70% de na moltaí seo tar éis cur go mór le forbairt agus le hachtachán athchóirithe reachtaíochta.

2.04 Leis an obair atá déanta ag an gCoimisiún maidir leis an rochtain ar reachtaíocht, fágfar go bhfuil sé i bhfad níos éasca teacht ar an reachtaíocht (de réir mar ar leasáíodh é) don phobal faoi láthair na huair, agus tá sé ar fáil i dtrí phríomh-áis: an Eolaire Reachtaíochta, na hAchtanna Leasaithe agus an Liosta Rangaithe. Is éard atá san Eolaire Reachtaíochta ná innéacsanna ar leasuithe leis an reachtaíocht phríomha agus an reachtaíocht thánaisteach a bhfuiltear in ann cuardach leictreonach a dhéanamh air, agus faisnéis thábhachtach gaolmhar. Déantar na leasuithe agus na hathruithe uile atá curtha le hAcht le chéile in aon téacs amháin leis na hAchtanna Leasaithe. Cuireann an Coimisiún rochtain ar líne ar bhreis is 100 Acht Leasaithe arna leasú iad roimh 2005 agus ar gach aon Acht ar achtú é ó 2005 ar aghaidh (seachas Achtanna Airgeadais agus Achtanna Leasa Shóisialaigh) a rinneadh iad a leasú ó thaobh téacs de. Liosta ar leith de na hAchtanna uile de chuid an Oireachtais atá fós i bhfeidhm (agus de na hionstraimí reachtúla atá déanta faoina mbun) is é an Liosta Rangaithe ina n-eagraítear iad de réir 36 cheannteideal mór-ábhar.

## Clár um Athchóiriú an Dlí

- 2.05 De réir Achta 1975, déanann an Coimisiún Clár Athchóirithe Dlí a ullmhú, tar éis dó dul i mbun comhairle leis an Ard-Aighne, agus cuimsítear leis líon sonrach de réimsí dlí a bhfuil gá ann scrúdú a dhéanamh orthu ar mhaithe leo a bheith athchóirithe. Nuair a dhéantar Clár Athchóirithe Dlí a fhaomhadh ag an Rialtas, déanann an Coimisiún scrúdú agus taighde ar na hábhair atá leagtha amach ann agus, más cuí, cuireann sé moltaí le chéile leis an dlí a leasú sna réimsí dlí sin. Bhí *an Chéad Chlár um Athchóiriú an Dlí* de chuid an Choimisiúin i bhfeidhm idir 1977 agus 1999. Rith an Dara Clár um Athchóiriú Dlí ó 2000 go deireadh 2007.
- 2.06 Cuireadh tús leis an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí in 2008 bhí sé beagnach tugtha chun críche in 2012. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart go gcuirfeadh tús leis na hullmhúcháin le forbairt Cheathrú Clár Athchóirithe Dlí in 2012, agus d'fhaomh an Rialtas é sin i mí Dheireadh Fómhair 2013. Faoi lár na bliana 2017, bhí an Coimisiún tar éis na tionscadail sa Cheathrú Clár a chríochnú nó go dul chun cinn suntasach a chur leis, agus chuir an Coimisiún tús, dá bharr, leis an bpróiseas comhairliúcháin as ar tháinig an *Cúigiú Clár Athchóirithe Dlí* dá chuid.

## Ábhar Tionscadail a ndéantar Scrúdú Orthu le linn Shaolré an Cheathrú Clár

- 2.07 Ónar cuireadh tús leis an obair ar an gCeathrú Clár Athchóirithe Dlí i mí Dheireadh Fómhair 2013, suas go dtí deireadh na bliana 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún 21 dhóiciméad – Páipéir Shaincheisteanna agus Tuarascálacha– ina gcuimsítear moltaí don athchóiriú dlí lena gclúdaítear na saincheisteanna sonracha atá sa Chlár chomh maith leis an fhreagra le hiarrtaí ón Ard-Aighe chun réimsí dlí ar leith a scrúdú faoi Acht 1975. Áirítear leis na réimsí ábhar gearrálta a pléitear, nó atá á bplé, na hábhair seo a leanas:

### An Dlíteanas Sibhialta agus an Dlí Tráchtála

- An Cosc ar Thairbhe a Bhaint as an Dúnbhású
- Pribhléid i ndáil le Tuairiscithe Cúirte de réir *an Achta um Chlúmhilleadh, 2009*

### Na Cúirteanna agus an tSeirbhís Chúirteanna

- Díspeagadh Cúirte

### An Dlí Coiriúil agus an Nós Imeachta Coiriúil

- An Nochtadh agus an Follasú i gCásanna Coiriúla
- Fios nó Creidiúint maidir leis an Toiliú sa Dlí maidir leis an Éigniú
- Pianbhreitheanna ar Fionraí

**An Dlí Coiriúil agus Cumhachtaí Rialála**

- Cumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha
- Cumarsáid Dhíobhálach agus an tSábháilteacht Dhigiteach

**An Dlí Idirnáisiúnta**

- Cur i bhFeidhm Intíre Oibleagáidí Idirnáisiúnta

**An Dlí Talún agus an Comharbas**

- Alt 117 den Acht Comharbais, 1965 Gnéithe den Sholáthar do Leanaí
- Fáil Éigeantach Talún

**An Reachtaíocht agus an Leabhar Reachtanna**

- Inrochtaineacht, Comhdhlúthú agus Foilsiú Reachtaíochta ar Líne

**Forbairt an Chúigiú Clár**

2.08 Ag seo, tá leagadh amach achoimre déanta ag an gCoimisiún ar an gcomhthéacs inar forbraíodh an *Cúigiú Clár Athchóirithe Dlí*. Chun na críocha sin, chuaigh an Coimisiún i mbun phróisis chomhairliúcháin fhadréimsigh ionas go mbeidh riachtanais an lae inniu agus riachtanais ionchasacha shochaí na hÉireann le brath ann.

*An Comhthéacs leis an gCúigiú Clár*

2.09 Agus an Coimisiún ag dul i mbun an Chúigiú Clár a ullmhú, rinne cinneadh gur cheart go mbeadh forbairtí ábhartha atá gaolmhar leis an athchóiriú a bheith curtha san áireamh ann, idir forbairtí náisiúnta agus forbairtí idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear:

- an gealltanais atá tugtha ag an Rialtas go gcuirfear clár forchéimnitheach um athchóiriú dlí i bhfeidhm ina chlár rialtais *Chlár le haghaidh Rialtais Chomhpháirtíochta* (2016);
- an comhthéacs fairsing taobh thiar den athchóiriú rialála, lena n-áirítear leagadh síos an scrúdú réamh-reachtach ar Scéim na mBillí agus scrúdú mionsonraithe ar Bhillí de chuid Chomhalta Príobháideach le bheith déanta ag Coistí de chuid an Oireachtais, lena bhfuil an Coimisiún sásta comhoibriú leo nuair a bhaineann sé lena obair taighde.
- an bhéim idirnáisiúnta ar an ról gurbh fhéidir don athchóiriú dlí, don leasúchán reachtaíochta agus don comhdhlúthú dlí a bheith acu i dtéarnamh geilleagrach, ábhar atá pléite sa tuarascáil de chuid an na hEagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) ó 2010, *Tuarascáil ar an Athchóiriú Rialála san Eoraip: Éire*;

- díospóireacht leanúnach maidir le tábhacht caighdeán idirnáisiúnta, lena n-áirítear caighdeán cearta an duine; agus
- an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar an athchóiriú dlí.

*Critéir a cuireadh i bhfeidhm chun tionscadail a roghnú don Chúigiú Clár*

2.10 Chur freagra a réiteach faoi cad iad na tionscadail gur cheart a bheith áirithe sa Chúigiú Clár, is iad seo a leanas na critéir roghnaithe a d'úsáid an Coimisiún:

- (a) *Leas an phobail* – ní mór go bhfreastalófar ar fíorghá pobail trí leigheas a chur ar fáil as easpa forálacha nó bearna a bheith sa dlí, lena n-áirítear gá chun dlí atá imithe as dáta a nuachóiriú.
- (b) *Oiriúnacht* – ní mór go mbeadh na tionscadail oiriúnach chun anailís a bheith déanta orthu leis an saineolas dlí atá ar fáil sa Choimisiún, agus an comhairliúchán iomchuí i gcomhar le gairmithe agus páirtithe leasmhara eile curtha leis.
- (c) *Meascán de thionscadail agus d'acmhainní* – Ba cheart go n-áireofar leis an gClár meascán de thionscadail dírithe ar réimsí cúnga go leith agus tionscadail atá ábhartha don tsochaí ar fad, ionas nach ndéanfar acmhainní an Choimisiúin a bheith fuascailte in aon tionscadal amháin.
- (d) *Seachain an dúbláil* – Níor cheart go forluífidh na tionscadal obair a dhéanann comhlachtaí eile atá sáite i ngíomhaíochtaí athchóirithe dlí, de mhalairt air sin, ba cheart dóibh cur leis a leithéid d'obair nuair is oiriúnach.

*An Próiseas Comhairliúcháin*

2.11 Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí i ndáil leis an gCúigiú Clár i Iúil 2017 agus síneadh amach é go dtí Eanáir 2018.

2.12 I mí an Mheithimh 2017, chuir Uachtarán an Choimisiúin, mar a bhí ag an am, An tOnórach an Breitheamh John Quirke, litreacha chuig réimse fada fairsing de scoileanna agus d'eagraíochtaí neamhrialtasach ag lorg aighneachtaí i ndáil leis an *gCúigiú Clár Athchóirithe Dlí*. I measc na gcomhlachtaí sin, áirítear:

- Barnardos
- Banc Ceannais na hÉireann
- Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce (Flac)
- Ranna Rialtais (16 Ard-Rúnaithe)
- Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
- Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC)
- Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT)
- Na Coimisiúin um Athchóiriú Dlí i Sasana/an Bhreatain Bheag, in Albain agus i nGeansaí
- Scoileanna Dlí agus Dámha Dlí in Institiúidí Tríú Leibhéal
- Comhairle na nDoctúirí Leighis
- An Bord Altranais agus Cnáimhseachais
- Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE)
- An Coiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas
- An Ombudsman
- An Ombudsman do Leanaí.

- 2.13 I mí an Mheithimh 2017, d'fhógair an Coimisiún fógra ginearálta ar a shuíomh gréasáin, [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie), chomh maith, ag iarraidh ar aighneachtaí le bheith measta chun cuimsiú sa *Chúigiú Clár Athchóirithe Dlí*. Rinneadh cóipeanna den fhógra seo ar roinnt mhaith fóram díospóireachta agus blaganna ar líne.
- 2.14 Bhí sé ar intinn go gcuirfeadh an deis is fearr leis na litreacha agus leis an fhógra ar an suíomh gréasáin do pháirtithe leasmhara chun páirt gníomhach a ghlacadh sa phróiseas um athchóiriú dlí, agus chun réimsí dlí a mholadh le gá a bheith ann iad a athchóiriú.
- 2.15 Bhain an Coimisiún tairbhe fairsing as a shuíomh chun fógraíocht a dhéanamh faoin bpróiseas comhairliúcháin don Chúigiú Clár. Chomh maith leis na comhairliúcháin phoiblí a pléitear thíos, chuir an Coimisiún fáilte roimh moltaí don athchóiriú dlí i leaganacha scríofa agus i leaganacha ó bhéal. Cruthaíodh ríomhsheoladh tiomnaithe, [fifthprog@lawreform.ie](mailto:fifthprog@lawreform.ie), agus is tríd an bpointe teagmhála sin a cuireadh isteach formhór na n-aighneachtaí chuig an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún béim air nach raibh aon fhormáid ar leith a bhí riachtanach chun aighneacht a chur isteach agus nach raibh aon riachtanas ann friotal teicniúil na dlí ach oiread. Rinneadh é sin go spreagfaí daoine den phobal aighneacht a chur isteach agus chun deimhniú go mbeadh an próiseas comhairliúcháin chomh leathan is a bhí indéanta. Rinneadh na mionsonraí maidir leis na comhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, ar shuíomh gréasáin Chomhairle an Bharra, ar shuíomh an Dlí-Chumann, agus ar shuíomh líonraithe dlíthiúla eile.
- 2.16 Le linn an dara leath de 2017 agus ar aghaidh, i mí Eanáir 2018, thionóil an Coimisiún sraith de 5 chruinniú comhairliúcháin ar fud na tíre inar lorgaíodh meonta ar na tionscail arbh fhéidir iad a chuimsiú sa *Chúigiú Clár Athchóirithe Dlí*. Seo a leanas liosta de na cruinnithe sin:
- 11 Deireadh Fómhair 2017: Ollscoil Luimnigh;

- 1 Samhain 2017: Caisleán Bhaile Átha Cliath, Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin 2017 (féach thíos);
- 22 Feabhra 2017: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- 10 Eanáir 2018: Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- 31 Eanáir 2018: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

2.17 Ba í forbairt an *Chúigiú Chlár Athchóirithe Dlí* an príomhchúram ag Comhdháil Bhliantúil 2017 an Choimisiúin, ar tionóladh í i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 1 Samhain 2017. Thug na cainteoirí sa Chomhdháil aghaidh ar an timpeallacht shóisialta agus eacnamaíochta fhairsing um Chlár Athchóirithe Dlí nua. Is iad na cainteoirí a bhí ann ná:

- An tOnórach an Breitheamh Frank Clarke, an Príomh-Bhreitheamh
- Dearbhail McDonald, Eagarthóir Gnó an Ghrúpa, Independent News and Media, agus
- An Seanadóir Michael McDowell SC, Iar-Ard-Aighne agus Iar-Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

2.18 Bhí cruinnithe ag an gCoimisiún le roinnt daoine aonair agus grúpaí ionadaíochta eile, lena n-áirítear iadsan a raibh aighneachtaí scríofa déanta acu maidir le tionscadail in-fhéideartha le bheith measta le bheith cuimsithe sa Chúigiú Clár.

2.19 Le linn na tréimhse comhairliúcháin ó mhí an Mheithimh 2017 ar aghaidh, fuair an Coimisiún 70 aighneacht scríofa (féach an Aguisín) inar moladh breis is 126 réimse dlí le bheith áirithe sa Chúigiú Clár. Rinne an Coimisiún na haighneachtaí a bhreith go huile is go hiomlán i gcoinne na critéir roghnúcháin atá leagtha amach thuas.

*Caint le Coiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne, le Comhchoiste an Oireachtais agus faofa ag an Rialtas*

2.20 Tháinig an Coimisiún le chéile le Coiste Comhairliúcháin an Ard-Aighne um Athchóiriú an Dlí an 25 Meitheamh 2018 chun na 15 tionscadal sa dréacht *Chúigiú Clár Athchóirithe Dlí*, ar ullmhaigh an Coimisiún é, a phlé. Tá ionadaithe ar an gCoiste Comhairliúcháin thar ceann na Ranna Rialtais uile, Dhlí-Chumann na hÉireann, Chomhairle Bharra na hÉireann agus an Choimisiúin. Ceann amháin de na feidhmeanna atá aige ná cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne dul i mbun comhairliúcháin leis an gCoimisiún chun clár um athchóiriú dlí a ullmhú. Phléigh an Chomhairle Chomhairliúcháin plé mionsonraithe ar na 15 tionscadal atá sa Dréacht-Chlár agus nocht siad go raibh siad sásta leis an raon d'ábhair atá ann.

2.21 Ansin, cuireadh an Dréacht-Chlár ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig an Ard-Aighne a rinne é a chur faoi bhráid an Rialtais chun é a mheas. D'aontaigh an rialtas go gcuirfear an Dréacht-Chlár ar aghaidh chuig Comhchoiste Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Oireachtais le bheith formheasta.

- 2.22 Chuir an Comhchoiste an Dréacht-Chlár faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ag an gcruinniú a tionóladh ar an 16 Eanáir 2019, rinne an Comhchoiste meastóireacht ar an ábhar sa Dréacht-Chlár agus luaigh sé gur mhol sé an t-ábhar a bhí ann agus nach raibh aon leasú á mholadh aige le bheith curtha leis.<sup>36</sup>
- 2.23 Ina dhiaidh sin, rinne an Rialtas an dréacht den *Chlár um Athchóiriú an Dlí* a phlé agus a fhorpheas sa chruinniú dá chuid a tionóladh ar an 20 Márta 2019 agus, ar aon dul le halt 5(1) den *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, rinne an Clár a fhaomhad. Tá achoimriú leagtha amach i gCuid 1 den Tuarascáil ndáil le gach aon cheann de na 15 tionscadal de réir mar a bhí faofa ag an Rialtas.

---

<sup>36</sup> *Tuarascáil Chomhchoiste Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an nCúigiú Clár um Athchóiriú An Dlí* (Feabhra 2019).





## AGUISÍN

# LIOSTA D’AIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA

Ba mhian leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil leis na daoine uile a chuidigh le forbairt *an Chúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí*. Ar bhonn leithleach, ba mhian leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil astu siúd a chuir an t-am ar leataobh chun aighneachtaí a dhéanamh agus chun freastal ar comhairliúcháin phoiblí. Ag seo a leanas, liosta de dhaoine agus de chomhlachtaí a rinne aighneachtaí scríofa:

Comhlachas Tráchtála Mheiriceá

Comhlachas Innealtóirí Comhairliúcháin Éireann

Barnardos

John Brady, TD

Killian Brennan

Lucy-Ann Buckley

Joan Campbell, Abhcóide

Banc Ceannais na hÉireann

An Breitheamh Pauline Codd

An Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU)

An tIonad um Dhlí agus Idirghabháil Phobail

Vicky Conway

COPE Galway

Louise Crowley

Yvonne Daly

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

An Roinn Sláinte

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

James Devenney

An Seanadóir Máire Devine

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Oifig an

---

COIMISIÚN NA hÉIREANN UM

Ó Ú Í

Cónaidhm na hÉireann um Míchumas

Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath

Comhionannas san Oideachas

Paul Farrell

Stewart Ferguson

Kieran Fitzpatrick

Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce (Flac)

Anna Giblin

Carmel Goggin, Abhcóide

Vincent Griffin

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

Comhaltas Bharra Coiriúil na hÉireann

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC)

Faireachlann na hÉireann um an Fhoréigean in aghaidh na mBan

Ionntaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT)

Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (ISME)

Comhlachas na nAistritheoirí agus na nAteangairí

An Seanadóir Collette Kelleher

Shane Kennedy

Shane Kilcommins

M Lane & Co Solicitors

Linda Lambert

Dlí-Chumann na hÉireann

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

Simon McArdle

Patricia McCafferty

Mary Morris

Joseph Mooney

Éanna Mulloy SC

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

An Coiste Náisiúnta um an Slánchumhdach

Comhairle Náisiúnta na mBan Claire O'Connor

Liam O'Connor

Páraic Ó Súilleabháin

Ombudsman, Oifig an

One Family

Ted O'Shea

Kathryn O'Sullivan

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB)

Joan Power

An Líonra Éigeandála um Éigniú

Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

Sage Advocacy

An Seanadóir Lynn Ruane

Ann Ryan

LK Shields Solicitors

Siúracha na Trócaire

Comhaltas Achtúirí na hÉireann

Cumann Chuntasóirí Cairte na hÉireann

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Brigid Timmons

Tusla (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Chosaint do Leanáí agus Teaghlaigh)

Molly Wells





Comhlacht reachtúil neamhspleách is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975 . Is é an bunchúram atá ag an gCoimisiún ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus moltaí a thabhairt maidir leis an athchóiriú, go háirithe tríd an achtachán den reachtaíocht chun andlí a shoiléiriú agus a dhéanamh nua-aimseartha.

Is trí Chlár Athchóirithe Dlí a chuirtear ról an Choimisiúin maidir leis an athchóiriú dlí i gcrích, go príomha. D'ullmhaigh an Coimisiún An Cúigiú Clár Athchóirithe Dlí seo tar éis comhairliúcháin agus plé leathan a bheith déanta ina leith. Ar aon dul le hAcht 1975, rinne an Rialtas é a fhaomhadh i mí an Mhárta 2019 agus cuireadh é faoi bhráid dhá theach an Oireachtais. Oibríonn an Coimisiún ar ábhair shonracha chomh maith ar bhonn atreoraithe ón Ard-Aighne faoi Acht 1975.

Leis an tionscadal de chuid an Choimisiúin um Rochtain ar Reachtaíocht déantar an reachtaíocht a chur ar fáil i bhfad níos éasca don phobal. Leis seo, áirítear an t-Eolaire Reachtaíochta [innéacs leictreonach inchuardaithe de leasuithe le hAchtanna agus le hionstraimí reachtúla), roghnúchán d'Achtanna Leasaithe (Achtanna ina fhoirm leasaithe seachas mar a rinneadh iad a achtú) agus an Liosta Rangaithe den Reachtaíocht in Éirinn (liosta d'Achtanna atá feidhm acu eagraithe de réir 36 cheannteideal ábhar).